Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2025
(OR. en)

8860/25
PV CONS 21
EDUC 146
JEUN 69
CULT 49
AUDIO 40
SPORT 25
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

12 agus 13 Bealtaine 2025

## CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 12 BEALTAINE 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh**

   Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8437/25.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

   **Liosta neamhreachtach** 8508/25

   Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

YOUTH

3. **Conclúidí maidir le pobal daoine óga san Eoraip bunaithe ar luachanna Eorpacha chun go mbeidh Eoraip choiteann shábháilte ann**
   *Formheas*

   7942/25
   + ADD 1 REV 1
   + ADD 2
   **+ REV 2 (fr, de, it, nl, el, lv, hr, ga)**

   D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

   Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ón mBulgáir agus ón Ungáir .

4. **Rún lena ndéantar athbhreithniú ar threoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg**
   *Formheas*

   7943/25 + COR 1
   **+ REV 1 (de, nl, el, fi, lv, hr, ga)**
   **+ REV 2 (it)**

   D'fhormheas an Chomhairle an rún mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **An bhréagaisnéis, an ionramháil agus bagairtí sa chibearspás agus a dtionchar ar shaol daoine óga**<br>*Díospóireacht bheartais* | 2 | 7947/25 |

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le 'An bhréagaisnéis, an ionramháil agus bagairtí sa chibearspás agus a dtionchar ar shaol daoine óga' ar bhonn an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

OIDEACHAS

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile**<br>*Formheas* | 2 | 6509/25 + ADD1-2<br>**+ ADD 1 COR 1 (ro)**<br>**+ REV 1 (mt, sk, sl, ro, hr)**<br>**+ REV 2 (hu)**<br>**+ REV 3 (ga)** |

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ón Ungáir agus ón tSualainn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | **Rún maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh**<br>*Formheas* | 2 | 8671/25<br>**+ COR 1 (el)**<br>+ ADD1-3<br>**+ ADD 1 COR 1 (el)**<br>**+ ADD 2 COR 1 (el)**<br>**+ ADD 3 COR 1 (el)** |

D'fhormheas an Chomhairle an rún mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil é.

Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ón gCoimisiún, ón Eastóin agus ón Ungáir.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8.** | **Moladh ón gComhairle maidir le Córas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas san Ardoideachas**<br>(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 165(4) (CFAE)<br>*Glacadh* | C 2<br>(*) | 8672/25 + ADD 1-3 |

Ghlac an Chomhairle an moladh mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil é.

Tá ráitis ón gCoimisiún, ón Eastóin agus ón Ungáir leagtha amach san Iarscríbhinn.

**9. Ról Aontas na Scileanna maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a neartú** 8086/25
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le 'Ról Aontas na Scileanna maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a neartú' ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

**Aon ghnó eile**

**10.** An Óige

**(a) Torthaí an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh[1]**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(b) Tionchar ionradh iomlán na Rúise ar aos óg na hÚcráine[2] 8182/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(c) Rannchuidiú chomhar an Aontais trí bheartas óige chun cuimhneachán Eorpach comhroinnte a chothú agus athléimneacht an Aontais a neartú 8378/25
*Faisnéis ón Liotuáin, ón Eastóin agus ón Laitvia*

(d) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

Oideachas

**(e) Feasacht i leith an Aontais a chur chun cinn tríd an oideachas** 7979/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

---

[1] I láthair ionadaí ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg de chuid na Polainne agus ionadaí ó Fhóram Eorpach na nÓg.
[2] I láthair Aire agus Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine.

(f) **An tionchar diúltach a bhaineann le húsáid fón cliste i scoileanna** — 8166/25
*Faisnéis ón Ostair, ón bhFrainc, ón Ungáir, ón Iodáil, ón tSlóvaic agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an tSlóvaic agus an tSualainn ar fáil. Chuir an Bheilg, an Chipir, an Ghréig, an Liotuáin agus Lucsamburg in iúl ó bhéal le linn an chruinnithe freisin go dtacaíonn siad leis an bhfaisnéis a tugadh.

(g) **Comhdháil neamhfhoirmiúil 'Bliain amháin tar éis Chruinniú Aireachta G7 maidir leis an Oideachas: cad iad na bearta ba cheart a dhéanamh chun an comhar maidir leis an oideachas a fheabhsú a thuilleadh?' (An Róimh, an 27-28 Meitheamh 2025)** — 8167/25
*Faisnéis ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

(h) 7ú Fóram Domhanda ECFE maidir le Todhchaí an Oideachais agus na Scileanna 2040 (an Bhratasláiv, an 24-26 Samhain 2025 — 8560/25
*Faisnéis ón tSlóvaic*

(i) Rannchuidiú chomhar an Aontais san oideachas chun feasacht a mhéadú maidir le córais ollsmachtacha agus chun athléimneacht an Aontais a neartú — 8577/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Liotuáin, ón Eastóin agus ón Laitvia*

(j) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 13 BEALTAINE 2025**

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS MEÁIN

11. **Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha** — 7635/25 **+ REV 1 (de, el, sv, lv, hu, sk, ga)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

**12.** **Conclúidí maidir le measúnú ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán** — 7710/25 **+ REV 1 (fr, fi, sv, lv, hu, pl, sk, ga)**

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

**13.** **Cur chuige nua i leith an chultúir san Aontas Eorpach: an Compás Cultúir agus a bhfuil i ndán do Chlár Eoraip na Cruthaitheachta** — 7679/25

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar 'Cur chuige nua i leith an chultúir san Aontas Eorpach: an Compás Cultúir agus a bhfuil i ndán do Chlár Eoraip na Cruthaitheachta' ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

SPORT

**14.** **Conclúidí maidir le cur chuige comhtháite i dtaca le spórt agus gníomhaíocht coirp i gcomhthéacs an oideachais** — 8186/25 + ADD 1 **+ ADD 1 REV 1 (it) + REV 1 (sv, pl, sl, hr, ga) + REV 2 (it)**

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

Leagtar amach san Iarscríbhinn an ráiteas ón Ungáir.

**15.** **Ról na lúthchleasaithe maidir le beartais spóirt a chruthú**[3] — 8187/25

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le 'Ról na lúthchleasaithe maidir le beartais spóirt a chruthú' ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

[3] I láthair Comhalta den Choiste Idirnáisiúnta Oilimpeach.

**Aon ghnó eile**

**16.** Cultúr, Closamharc agus Meáin

**(a) Trédhearcacht úinéireacht agus chistiú na meán** 8382/25
*Faisnéis ón gCróit*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chróit ar fáil.

**(b) Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2029: Kiruna** 8071/25
*Faisnéis ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil.

**(c) Páipéar Bán Chemnitz — 40 moladh ó 40 bliain de chlár Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa (ECoC)** 8580/25
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

**(d) Luach earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i bhforbairt na hintleachta saorga: cóipcheart agus cearta gaolmhara a chosaint agus an trédhearcacht a áirithiú faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga** 8188/2/25 REV 2
*Faisnéis ón Ungáir, ón Iodáil, ón bPortaingéil agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Spáinn ar fáil agus ar thacaigh an Fhrainc léi ó bhéal.

**(e) MONDIACULT 2025 — Comhdháil Dhomhanda UNESCO maidir le Beartais Chultúrtha agus Forbairt Inbhuanaithe (Barcelona, 29-30 Meán Fómhair-1 Deireadh Fómhair 2025)** 8485/25
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

**(f) Tús a chur le tacaíocht dhomhanda do chultúr agus d'oidhreacht chultúrtha na hÚcráine ag Comhdháil Téarnaimh na hÚcráine 2025 (an Róimh, an 10-11 Iúil 2025)** 8562/25
*Faisnéis ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

**(g) Rath na Samhla Eorpaí Cistiúcháin agus Rialála le haghaidh cruthú scannán agus closamhairc**[4] 8623/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

(h) Rannchuidiú an Chultúir le hullmhacht an Aontais: caomhnú fadtéarmach na hoidhreachta cultúrtha digití 8559/25
*Faisnéis ón Eastóin*

(i) Rannchuidiú chomhar an Aontais chun cuimhneachán Eorpach comhroinnte i gcultúr a chothú agus athléimneacht an Aontais a neartú 8564/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Liotuáin, ón Eastóin agus ón Laitvia agus ón Spáinn*

(j) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

An Spórt

(k) An Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA): Cruinniú den Bhord Fondúireachta (an 5 Nollaig 2024) 8510/25
*Faisnéis ó Ionadaí de chuid Bhallstát an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA*

**(l) An Ghné Eorpach agus Shóisialta de Chluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha an Gheimhridh XXV (Milano-Cortina 2026): mórimeachtaí spóirt, an tSamhail Eorpach Spóirt, agus ról na hoibre deonaí** 8185/25
*Faisnéis ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

**(m) An 9 Bealtaine 2025: Déanann an spórt Lá na hEorpa a cheiliúradh** 8519/25
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

[4] I láthair stiúrthóir scannán, scríbhneoir scripte agus léiritheoir Francach.

(n) Tionchar ionradh iomlán na Rúise ar earnáil an spóirt san Úcráin[5] 8184/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(o) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

[5] I láthair Aire agus Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha ‘B’ a leagtar amach in 8437/25**

| | |
|---|---|
| **Mír 3 ar liosta na míreanna ‘B’:** | **Conclúidí maidir le pobal daoine óga san Eoraip bunaithe ar luachanna Eorpacha chun go mbeidh Eoraip choiteann shábháilte ann**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE**

‘Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil sé ríthábhachtach cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus tá sí tiomanta i gcónaí dá cuid gealltanas maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhionannas a áirithiú agus an t-idirdhealú a chomhrac, ar bunluachanna de chuid an Aontais Eorpaigh iad.

Tagraíonn na conclúidí ón gComhairle maidir le pobal daoine óga san Eoraip bunaithe ar luachanna Eorpacha chun go mbeidh Eoraip choiteann shábháilte ann do dhoiciméid ón gCoimisiún, go háirithe an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 agus Straitéis LGBTIQ an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhionannas 2020-2025, ina bhfuil sainmhínithe, téarmaí nó nathanna nach bhfuil ag teacht leis an tuiscint dhénártha ar ‘inscne’ faoi dhlí na Bulgáire.

I gcomhréir le Cinntí Uimh. 13/2018 agus Uimh. 15/2021 ó Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire, forchoimeádann an Bhulgáir an ceart na conclúidí a chur i bhfeidhm maidir leis an tuiscint nach mbaineann ach ciall bhitheolaíoch leis an gcoincheap ‘inscne’ agus go bhfuil sé bunaithe go bitheolaíoch ar an dénárthá inscne, is é sin, go bhfuil dhá inscne chontrártha ann, baineann agus fireann.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Creideann an Ungáir go mbunaítear cur chuige na hUachtaránachta i leith an chomhionannais inscne ar chomhréiteach cothrom íogair; dá bhrí sin, tacaímid leis an gcur chuige reatha atá sna *Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le pobal daoine óga san Eoraip bunaithe ar luachanna Eorpacha chun go mbeidh Eoraip chomhchoiteann shábháilte ann.*

Tá an Ungáir ag tacú le cur chuige cuimsitheach i leith beartais a bhaineann leis an óige agus measann sí go bhfuil sé tábhachtach, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh dhaoine óga, go ndéanfaí na daoine óga a chuimsiú agus a rannpháirtíocht chuimsitheach a áirithiú, go háirithe i bpróisis chinnteoireachta. Measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach tacú le daoine óga agus iad a chumhachtú le fís do thodhchaí shábháilte chuimsitheach.

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis na Conarthaí agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, is mar thagairt do ‘gnéas’ a dhéanann an Ungáir an téarma ‘inscne’ a léirmhíniú sna *Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le pobal daoine óga san Eoraip bunaithe ar luachanna Eorpacha chun go mbeidh Eoraip chomhchoiteann shábháilte ann.*

Dearbhaíonn an Ungáir gur cheart Straitéis an Choimisiúin maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 (COM (2020) 152 final), a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le pobal daoine óga san Eoraip bunaithe ar luachanna Eorpacha chun go mbeidh Eoraip chomhchoiteann shábháilte ann, a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar imthosca sonracha i ngach Ballstát.'

| | |
|---|---|
| **Mír 6 ar liosta na míreanna 'B':** | **Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá ag gach duine an ceart chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar ghairmoiliúint agus ar oiliúint leanúnach. Tá an Ungáir tiomanta an ceart sin a chomhlíonadh agus a chur chun cinn chomh maith le cóir chomhionann agus rannpháirtíocht a áirithiú do chách, go háirithe leanaí.

Agus é á chur san áireamh aici go dtagann dlí an teaghlaigh go bunúsach faoi inniúlacht eisiach na mBallstát, tuigeann an Ungáir an téarma 'gach teaghlach' sna Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir in oideachas agus cúram na luath-óige agus san oideachas scoile, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus lena reachtaíocht náisiúnta.'

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

'Ba mhian leis an tSualainn a mhíniú an fáth nach n-aontaíonn sí go hiomlán le hábhar na gconclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile. Mar sin féin, níl an tSualainn i gcoinne fhormheas na gconclúidí.

Léirítear go soiléir in Acht Oideachais na Sualainne nach mór an treoir agus an spreagadh atá de dhíth ar gach leanbh agus dalta i ngach cineál scoile agus cúraim iarscoile a thabhairt dóibh i leith a gcuid foghlama agus forbartha pearsanta. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí ar deacair dóibh, mar gheall ar mhíchumas, na critéir ghrádaithe éagsúla nó na critéir ábhartha chun eolas a mheasúnú a bhaint amach, ar tacaíocht í a bhíonn dírithe ar ghníomhú in aghaidh iarmhairtí a bhaineann leis an míchumas sin a mhéid is féidir. Ina theannta sin, tá an tSualainn ar cheann de na tíortha a bhfuil clár oibre cuimsitheach láidir san oideachas i bhfeidhm aici le fada, agus tá beartais chuimsitheacha ina ndlúthchuid den teoiric agus den chleachtas san oideachas sa tSualainn. Dar leis an tSualainn, cé go bhfuil an t-oideachas cuimsitheach oiriúnach i gcásanna áirithe, gur féidir leis a bheith fritorthúil freisin. Nuair a bhítear ag súil go gcuirfidh múinteoir bearta tacaíochta éagsúla ar fáil do roinnt daltaí sa seomra ranga céanna, bíonn an baol ann, agus na daltaí ar fad á múineadh le chéile, go mbeidh eisiamh seachas cuimsiú i gceist mar gheall ar easpa tacaíochta aonair riachtanaí do dhaltaí le linn ceachta.

Dá bhrí sin, is mian le Rialtas na Sualainne a chur i bhfios go láidir nach féidir glacadh leis go bhfaigheann gach dalta a bhfuil bearta tacaíochta de dhíth orthu na bearta sin ar an mbealach is fearr is féidir faoi chuimsiú an teagaisc rialta nó i seomraí ranga príomhshrutha. I gcásanna áirithe, bíonn gá le bearta tacaíochta lasmuigh den teagasc rialta. Féadfar a áireamh orthu sin bearta chun feabhas a chur arbhunscileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta, agus tacaíocht ó mhúinteoirí oideachais speisialta freisin, rochtain ar ghrúpaí beaga teagaisc agus rochtain ar sheirbhísí sláinte ardcháilíochta do dhaltaí.

Ar an gcúis sin, ba mhaith leis an tSualainn a chur in iúl nach léirítear go leordhóthanach sna conclúidí molta ón gComhairle an chastacht agus na miondifríochtaí a bhaineann le gnáthchleachtas scoile.'

**<u>Mír 7 ar liosta na míreanna 'B':</u>** **Rún maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Is díol sásaimh don Choimisiún an Dréachtrún ón gComhairle agus an Dréachtmholadh ón gComhairle agus an aird a tugadh ar an treoirphlean le haghaidh céim Eorpach agus ar an gcóras Eorpach um dhearbhú cáilíochta agus um aitheantas, ar príomh-rannchuiditheoirí iad chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí cearta ag ár gcórais oideachais agus oiliúna chun Eorpaigh ó gach glúin a ullmhú do thodhchaí atá ag athrú go tapa, trí oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach a chur ar fáil. Tugann an Coimisiún dá aire an iarraidh ón gComhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile agus tabharfaidh sé aird chuí air. Forchoimeádann an Coimisiún, áfach, an ceart freagra a thabhairt i gcomhréir le rialacha an Chonartha, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar a cheart tionscnaimh agus na hacmhainní buiséadacha agus daonna atá ar fáil dó á gcur san áireamh.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'**Athdhearbhaíonn an Eastóin go bhfuil sí tiomanta go láidir d'idirnáisiúnú an ardoideachais agus go dtacaíonn sí le cláir chomhpháirteacha a fhorbairt lena neartaítear iomaíochas na hEorpa agus lena gcothaítear comhar i measc ár n-institiúidí ardoideachais**. Táimid suite de nach mór na cláir chomhpháirteacha uile — agus bunluachanna Limistéar Eorpach an Ardoideachais á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear an tsaoirse acadúil, an neamhspleáchas institiúideach, agus an smacht reachta — a láimhseáil le hurraim agus le haitheantas comhionann.

I gcomhthéacs na céime Eorpaí atá beartaithe, ní mór aird ar leith a thabhairt ar riachtanais agus ar leasanna phobail na dteangacha beaga. **Tá an Eastóin tiomanta go daingean don ardoideachas a chaomhnú agus a chur chun cinn san Eastóinis.** Cé go bhfuil buntáistí tábhachtacha ag baint leis an idirnáisiúnú agus le húsáid an Bhéarla, ní mór dúinn a áirithiú go ndéanfar éagsúlacht shaibhir teanga agus chultúrtha na hEorpa a chosaint. I gcás na hEastóine, ní rogha beartais amháin é an t-ardoideachas Eastóinise a chosaint — baineann sé le féiniúlacht náisiúnta, daonlathas agus athléimneacht shochaíoch, go háirithe i gcomhthéacs na ndúshlán slándála atá ag teacht chun cinn sa lá atá inniu ann. Tá sé ríthábhachtach nach gcuirfear córais agus institiúidí níos lú faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar chreataí nach gcuireann a gcomhthéacsanna sonracha san áireamh go leordhóthanach.

**Athdhearbhaímid freisin a thábhachtaí atá sé na córais dearbhaithe cáilíochta atá forbartha againn go comhpháirteach faoi Phróiseas Bologna a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach**. Ní fheiceann an Eastóin an breisluach a bhaineann le creat nua um dhearbhú cáilíochta trasinstitiúideach a thabhairt isteach. Creidimid go gcuirfidh sé le castacht agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leo. Ina ionad sin, iarraimid go mbeadh cur chuige láidir institiúideach ann maidir le dearbhú cáilíochta atá bunaithe go daingean ar na huirlisí agus na creataí atá ann cheana, agus go n-aithneofaí torthaí creidiúnaithe náisiúnta go huathoibríoch agus cláir chomhpháirteacha á seoladh. Cuideoidh sé sin leis an maorlathas a laghdú agus tacóidh sé leis an sprioc maidir le huathaitheantas frithpháirteach cáilíochtaí.
Ba cheart diantástáil a dhéanamh ar na bealaí chun muinín fhrithpháirteach as córais náisiúnta um dhearbhú cáilíochta a neartú a thuilleadh, agus ba cheart an staidéar féidearthachta a dhéanamh ní hamháin don chéim Eorpach atá beartaithe, ach do réitigh mhalartacha chun na spriocanna a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, **tacaíonn an Eastóin le cur chuige oscailte pragmatach, gan torthaí a shainiú roimh ré**. Creidimid gur cheart an chéim Eorpach chomhpháirteach atá beartaithe a fhiosrú in éineacht le réitigh mhalartacha lena gcuirtear comhar éifeachtach chun cinn i measc institiúidí ardoideachais, agus comhthéacsanna náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

Ní mór d'aon tionscnamh nua a bheith cuimsitheach, lena n-áiritheofar go dtabharfar de chumhacht do na córais náisiúnta agus do na hinstitiúidí ardoideachais uile — gan beann ar a méid — a bheith rannpháirteach inár mbearta coiteanna agus tairbhe a bhaint astu. Baineann neart na hEorpa lena héagsúlacht, agus ní mór é a bheith mar sprioc againn córas ardoideachais a bheidh iomaíoch, comhtháite agus slán i bhfad na haimsire a thógáil a rachaidh chun tairbhe do chách.

**Tá an Eastóin tiomanta i gcónaí do Limistéar Eorpach Ardoideachais atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, ar shaoirse acadúil, ar neamhspleáchas institiúideach, ar chuimsitheacht agus ar urraim don éagsúlacht**. Ní mór leanúint de na luachanna sin a threorú agus muid ag dul chun cinn le chéile.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Measann an Ungáir go bhfuil idirnáisiúnú na gcóras ardoideachais ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa. Ba cheart comhar san ardoideachas a éascú ar bhealach fíorchuimsitheach, trí chomhionannas deiseanna a chur ar fáil do gach institiúid ardoideachais san Eoraip, lena n-áirítear an deis lipéad na céime Eorpaí comhpháirtí a fháil. Sa chomhthéacs sin, is oth leis an Ungáir go bhfuil bac á chur faoi láthair ar rannpháirtíocht líon suntasach d'ollscoileanna na hUngáire in Erasmus+ agus sa chlár Fís Eorpach, mar thoradh ar bheart arna fhorchur le *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir.* Cuireann an srian sin bac ollmhór ar an gcomhar Eorpach, agus déanfaidh sé damáiste dochúlaithe ní hamháin do shaoránaigh na hUngáire agus do mhic léinn eachtrannacha san Ungáir atá fágtha ar láir as na cláir, ach do chomhphobal uile na hEorpa freisin.
Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Ungáir go leagtar béim sa Rún ón gComhairle ar an ngá atá le rochtain chothrom ar acmhainní a áirithiú, lena n-áirítear cistiú atá ar fáil ón Aontas, do na hinstitiúidí ardoideachais uile chomh maith le cur chuige cuimsitheach a chuirfidh ar a gcumas tairbhe a bhaint as an gcomhar Eorpach agus idirnáisiúnta, ionas go n-áiritheofar nach bhfágfar aon institiúid ar lár agus barr feabhais á shaothrú, agus go ngealltar go sonrach sa Rún go mbainfear leas iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gclár Erasmus+ i ngach Ballstát. Is cúis áthais dúinn a thabhairt faoi deara, go háirithe, go leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá leis na deiseanna sin a ráthú do gach institiúid ardoideachais, gan beann ar a gcineál oibríochta, rud a chiallaíonn go mbeidh na hollscoileanna atá á gcoinneáil ag iontaobhais leasa phoiblí ar bun agus a mbaineann an beart a fhorchuirtear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle leo san áireamh freisin. Tá sé sin níos tábhachtaí fós, ós rud é nach bhféadfadh an Ungáir rannchuidiú go hiomlán leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rún agus sa Mholadh ón gComhairle a bhaint amach go dtí go n-áiritheofar do na hollscoileanna lena mbaineann go mbeidh siad rannpháirteach i gclár Erasmus+ an athuair. D'ainneoin an mhéid thuas, tá an Ungáir tiomanta i gcónaí d'idirnáisiúnú an ardoideachais. Chun na críche sin, seoladh Clár Pannonia anuraidh chun a áirithiú go mbeidh deis ag gach mac léinn Ungárach taithí idirnáisiúnta a fháil.
Tugann an Ungáir faoi deara go mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Meitheal um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais (nó aon ghrúpa comharba arna bhunú faoin gcreat sin) agus saineolaithe eile i dtoscaireachtaí na mBallstáit páirteach sa tSaotharlann Beartais. Dá bhrí sin, féadfar ionadaithe ollscoile agus ionadaithe ar choistí creidiúnaithe/údarás creidiúnaithe a tharmligean chuig an tSaotharlann Beartais.

Is díol sásaimh don Ungáir freisin an tagairt atá sa Rún ón gComhairle lena soiléirítear go saothrófar na gníomhaíochtaí a leagtar amach ann agus na córais oideachais agus oiliúna sna creataí dlíthiúla náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh agus na critéir le haghaidh an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle le tarraingt suas agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta agus d'inniúlachtaí na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Tugann an Ungáir dá haire go bhfuil a córas oideachais fréamhaithe go domhain ina féiniúlacht náisiúnta, ina traidisiúin bhunreachtúla agus ina dlíchóras, lena n-áirítear dlí bunúsach na hUngáire, ar cheart, dá bhrí sin, é a urramú go hiomlán agus na critéir sin á leagan síos.'

| | |
|---|---|
| | **Moladh ón gComhairle maidir le Córas Eorpach** |
| **Mír 8 ar liosta na** | **um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas san Ardoideachas** |
| **míreanna 'B':** | **(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 165(4) (CFAE)** |
| | *Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Is díol sásaimh don Choimisiún an Dréachtrún ón gComhairle agus an Dréachtmholadh ón gComhairle agus an aird a tugadh ar an treoirphlean le haghaidh céim Eorpach agus ar an gcóras Eorpach um dhearbhú cáilíochta agus um aitheantas, ar príomh-rannchuiditheoirí iad chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí cearta ag ár gcórais oideachais agus oiliúna chun Eorpaigh ó gach glúin a ullmhú do thodhchaí atá ag athrú go tapa, trí oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach a chur ar fáil. Tugann an Coimisiún dá aire an iarraidh ón gComhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile agus tabharfaidh sé aird chuí air. Forchoimeádann an Coimisiún, áfach, an ceart freagra a thabhairt i gcomhréir le rialacha an Chonartha, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar a cheart tionscnaimh agus na hacmhainní buiséadacha agus daonna atá ar fáil dó á gcur san áireamh.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'**Athdhearbhaíonn an Eastóin go bhfuil sí tiomanta go láidir d'idirnáisiúnú an ardoideachais agus go dtacaíonn sí le cláir chomhpháirteacha a fhorbairt lena neartaítear iomaíochas na hEorpa agus lena gcothaítear comhar i measc ár n-institiúidí ardoideachais**. Táimid suite de nach mór na cláir chomhpháirteacha uile — agus bunluachanna Limistéar Eorpach an Ardoideachais á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear an tsaoirse acadúil, an neamhspleáchas institiúideach, agus an smacht reachta — a láimhseáil le hurraim agus le haitheantas comhionann.

I gcomhthéacs na céime Eorpaí atá beartaithe, ní mór aird ar leith a thabhairt ar riachtanais agus ar leasanna phobail na dteangacha beaga. **Tá an Eastóin tiomanta go daingean don ardoideachas a chaomhnú agus a chur chun cinn san Eastóinis.** Cé go bhfuil buntáistí tábhachtacha ag baint leis an idirnáisiúnú agus le húsáid an Bhéarla, ní mór dúinn a áirithiú go ndéanfar éagsúlacht shaibhir teanga agus chultúrtha na hEorpa a chosaint. I gcás na hEastóine, ní rogha beartais amháin é an t-ardoideachas Eastóinise a chosaint — baineann sé le féiniúlacht náisiúnta, daonlathas agus athléimneacht shochaíoch, go háirithe i gcomhthéacs na ndúshlán slándála atá ag teacht chun cinn sa lá atá inniu ann. Tá sé ríthábhachtach nach gcuirfear córais agus institiúidí níos lú faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar chreataí nach gcuireann a gcomhthéacsanna sonracha san áireamh go leordhóthanach.

**Athdhearbhaímid freisin a thábhachtaí atá sé na córais dearbhaithe cáilíochta atá forbartha againn go comhpháirteach faoi Phróiseas Bologna a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach**. Ní fheiceann an Eastóin an breisluach a bhaineann le creat nua um dhearbhú cáilíochta trasinstitiúideach a thabhairt isteach. Creidimid go gcuirfidh sé le castacht agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leo. Ina ionad sin, iarraimid go mbeadh cur chuige láidir institiúideach ann maidir le dearbhú cáilíochta atá bunaithe go daingean ar na huirlisí agus na creataí atá ann cheana, agus go n-aithneofaí torthaí creidiúnaithe náisiúnta go huathoibríoch agus cláir chomhpháirteacha á seoladh. Cuideoidh sé sin leis an maorlathas a laghdú agus tacóidh sé leis an sprioc maidir le huathaitheantas frithpháirteach cáilíochtaí.
Ba cheart diantástáil a dhéanamh ar na bealaí chun muinín fhrithpháirteach as córais náisiúnta um dhearbhú cáilíochta a neartú a thuilleadh, agus ba cheart an staidéar féidearthachta a dhéanamh ní hamháin don chéim Eorpach atá beartaithe, ach do réitigh mhalartacha chun na spriocanna a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, **tacaíonn an Eastóin le cur chuige oscailte pragmatach, gan torthaí a shainiú roimh ré**. Creidimid gur cheart an chéim Eorpach chomhpháirteach atá beartaithe a fhiosrú in éineacht le réitigh mhalartacha lena gcuirtear comhar éifeachtach chun cinn i measc institiúidí ardoideachais, agus comhthéacsanna náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

Ní mór d’aon tionscnamh nua a bheith cuimsitheach, lena n-áiritheofar go dtabharfar de chumhacht do na córais náisiúnta agus do na hinstitiúidí ardoideachais uile — gan beann ar a méid — a bheith rannpháirteach inár mbearta coiteanna agus tairbhe a bhaint astu. Baineann neart na hEorpa lena héagsúlacht, agus ní mór é a bheith mar sprioc againn córas ardoideachais a bheidh iomaíoch, comhtháite agus slán i bhfad na haimsire a thógáil a rachaidh chun tairbhe do chách.

**Tá an Eastóin tiomanta i gcónaí do Limistéar Eorpach Ardoideachais atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, ar shaoirse acadúil, ar neamhspleáchas institiúideach, ar chuimsitheacht agus ar urraim don éagsúlacht**. Ní mór leanúint de na luachanna sin a threorú agus muid ag dul chun cinn le chéile.’

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Measann an Ungáir go bhfuil idirnáisiúnú na gcóras ardoideachais ríthábhachtach d’iomaíochas na hEorpa. Ba cheart comhar san ardoideachas a éascú ar bhealach fíorchuimsitheach, trí chomhionannas deiseanna a chur ar fáil do gach institiúid ardoideachais san Eoraip, lena n-áirítear an deis lipéad na céime Eorpaí comhpháirtí a fháil. Sa chomhthéacs sin, is oth leis an Ungáir go bhfuil bac á chur faoi láthair ar rannpháirtíocht líon suntasach d’ollscoileanna na hUngáire in Erasmus+ agus sa chlár Fís Eorpach, mar thoradh ar bheart arna fhorchur le *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir.* Cuireann an srian sin bac ollmhór ar an gcomhar Eorpach, agus déanfaidh sé damáiste dochúlaithe ní hamháin do shaoránaigh na hUngáire agus do mhic léinn eachtrannacha san Ungáir atá fágtha ar láir as na cláir, ach do chomhphobal uile na hEorpa freisin.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Ungáir go leagtar béim sa Rún ón gComhairle ar an ngá atá le rochtain chothrom ar acmhainní a áirithiú, lena n-áirítear cistiú atá ar fáil ón Aontas, do na hinstitiúidí ardoideachais uile chomh maith le cur chuige cuimsitheach a chuirfidh ar a gcumas tairbhe a bhaint as an gcomhar Eorpach agus idirnáisiúnta, ionas go n-áiritheofar nach bhfágfar aon institiúid ar lár agus barr feabhais á shaothrú, agus go ngealltar go sonrach sa Rún go mbainfear leas iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gclár Erasmus+ i ngach Ballstát. Is cúis áthais dúinn a thabhairt faoi deara, go háirithe, go leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá leis na deiseanna sin a ráthú do gach institiúid ardoideachais, gan beann ar a gcineál oibríochta, rud a chiallaíonn go mbeidh na hollscoileanna atá á gcoinneáil ag iontaobhais leasa phoiblí ar bun agus a mbaineann an beart a fhorchuirtear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle leo san áireamh freisin. Tá sé sin níos tábhachtaí fós, ós rud é nach bhféadfadh an Ungáir rannchuidiú go hiomlán leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rún agus sa Mholadh ón gComhairle a bhaint amach go dtí go n-áiritheofar do na hollscoileanna lena mbaineann go mbeidh siad rannpháirteach i gclár Erasmus+ an athuair.

D'ainneoin an mhéid thuas, tá an Ungáir tiomanta i gcónaí d'idirnáisiúnú an ardoideachais. Chun na críche sin, seoladh Clár Pannonia anuraidh chun a áirithiú go mbeidh deis ag gach mac léinn Ungárach taithí idirnáisiúnta a fháil.
Tugann an Ungáir faoi deara go mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Meitheal um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais (nó aon ghrúpa comharba arna bhunú faoin gcreat sin) agus saineolaithe eile i dtoscaireachtaí na mBallstáit páirteach sa tSaotharlann Beartais. Dá bhrí sin, féadfar ionadaithe ollscoile agus ionadaithe ar choistí creidiúnaithe/údarás creidiúnaithe a tharmligean chuig an tSaotharlann Beartais.

Is díol sásaimh don Ungáir freisin an tagairt atá sa Rún ón gComhairle lena soiléirítear go saothrófar na gníomhaíochtaí a leagtar amach ann agus na córais oideachais agus oiliúna sna creataí dlíthiúla náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh agus na critéir le haghaidh an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle le tarraingt suas agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta agus d'inniúlachtaí na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Tugann an Ungáir dá haire go bhfuil a córas oideachais fréamhaithe go domhain ina féiniúlacht náisiúnta, ina traidisiúin bhunreachtúla agus ina dlíchóras, lena n-áirítear dlí bunúsach na hUngáire, ar cheart, dá bhrí sin, é a urramú go hiomlán agus na critéir sin á leagan síos.'

| | |
|---|---|
| <u>**Mír 14 ar liosta na míreanna 'B':**</u> | **Conclúidí maidir le cur chuige comhtháite i dtaca le spórt agus gníomhaíocht coirp i gcomhthéacs an oideachais**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir inscne mar comhionannas seansanna agus deiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sna *Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cur chuige comhtháite i dtaca le spórt agus gníomhaíocht coirp i gcomhthéacs an oideachais.'*